

Bealach Glas Rothaíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi bhealach glas rothaíochta atá á thógáil idir Béal Átha na Sluaighe agus cathair na Gaillimhe agus faoin aighneas atá cothaithe dá bharr. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An bhfuil bealach glas aon áit i do cheantar féin? An dóigh leat go bhfuil áiseanna maithe amuigh faoin aer i do cheantar go ginearálta?
2. An gcaitheann tusa mórán ama amuigh faoin aer i do shaol laethúil? Cén fáth?

Ceist 2 Féach ar na focail/frásaí seo atá le fáil sa mhír. An dtugann siad aon tuairim duit faoi ábhar an scéil a bheidh á phlé sa mhír? Pléigh leis an duine in aice leat cad is brí leis na focail agus cad a cheapann sibh a bheidh sa scéal nuachta.

- aighneas
- ordú ceannaigh éigeantaigh
- Cumann na bhFeirmeoirí
- Feachtas Rothaíochta na Gaillimhe
- cúlbhóithre
- éileamh
- an N6
- trácht trom
- cosán rothaíochta

Ceist 3 Anois féach ar an mír agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cén fáth a bhfuil Cumann na bhFeirmeoirí míshásta?
2. Cad é an réiteach atá á mholadh ag Cumann na bhFeirmeoirí?
3. Cad é an seasamh atá ag Feachtas Rothaíochta na Gaillimhe i leith na ceiste?

Ceist 4 a. An dtugann tú faoi deara an t-athrú a chuirtear i bhfeidhm ar 'an Ghaillimh' sa bhfrása 'Feachtas Rothaíochta na Gaillimhe'? Cén teideal a bheadh ar a mhacasamhail d'fheachtas sna háiteanna seo a leanas?

Corcaigh:	Feachtas Rothaíochta _____
Baile Átha Cliath:	Feachtas Rothaíochta _____
Luimneach:	Feachtas Rothaíochta _____
Trá Lí:	Feachtas Rothaíochta _____
An Dún:	Feachtas Rothaíochta _____

b. Tá an tuiseal ginideach i gceist sna samplaí thuas. Bíonn an tuiseal ginideach i gceist ar 5 chúis. Léigh na cúiseanna agus na samplaí thíos agus bí ag obair leis an duine in aice leat chun samplaí eile de bhur gcuid féin a scríobh síos.

Cúis 1: dhá ainmfhocal i ndiaidh a chéile e.g. rothaíocht → cosán rothaíochta
Sampla eile: _____

Cúis 2: tar éis ainm bhriathartha e.g. aighneas → ag cothú aighnis
Sampla eile: _____

Cúis 3: tar éis réamhfhocail chomhshuite e.g. an tír → ar fud na tíre
Sampla eile: _____

Cúis 4: tar éis réamhfhocail áirithe e.g. an áit → timpeall na háite
Sampla eile: _____

Cúis 5: tar éis focail a chuireann cainníocht ghinearálta in iúl e.g. trácht → an iomarca tráchta
Sampla eile: _____

Ceist 5

Cuir na focail/frásaí seo a leanas in abairtí chun a mbrí a léiriú.

1. géilleadh
2. tá sé i gceist
3. go príomha
4. a chur i bhfeidhm
5. i láthair na huaire

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An dóigh leat go mbeidh sé éasca an t-aighneas áirithe seo faoin mbealach glas a réiteach? Cén fáth?
2. An dóigh leat go bhfuil bóithre na hÉireann sábháilte ar an iomlán? Cén fáth?
3. An bhfuil aon obair feabhsúcháin ba mhaith leat féin a fheiceáil sa cheantar a bhfuil tú i do chónaí ann?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun na ceisteanna seo a phlé.

Ceist 2

Tabhair deis do na foghlaimeoirí ábhar an scéil nuachta a thomhas ina mbeirteanna sula bhféachann siad ar an mír. Cabhraigh leo le brí na bhfocal thíos, más gá.

1. aighneas: dispute
2. ordú ceannaigh éigeantaigh¹: compulsory purchase order
3. Cumann na bhFeirmeoirí: Irish Farmers' Association
4. Feachtas Rothaíochta na Gaillimhe: Galway Cycling Campaign
5. cúlhbhóithre: back roads
6. éileamh: demand
7. an N6: the N6
8. trácht trom: heavy traffic
9. cosán rothaíochta: a cycling path

Ceist 3

1. Tá Cumann na bhFeirmeoirí míshásta mar go bhfuil an tÚdarás Náisiúnta Bóithre ag iarraidh ordú ceannachta éigeantach a chur i bhfeidhm ar fheirmeacha d'fhonn an bealach glas a thógáil.
2. Tá Cumann na bhFeirmeoirí ag moladh go dtógfaí an bealach glas taobh leis an N6.
3. Tuigeann Feachtas Rothaíochta na Gaillimhe do na feirmeoirí agus níor mhaith leo go gcuirfí an t-ordú ceannachta éigeantach i bhfeidhm. Bíodh sin mar atá, ní theastaíonn uathu go dtógfaí an bealach glas taobh leis an N6 mar nach bhfuil sé oiriúnach de bharr an méid tráchta a bhíonn air. Teastaíonn uathu go dtógfaí an bealach glas ar chúlbhóithre.

Ceist 4

a.

Corcaigh:	Feachtas Rothaíochta Chorcaí
Baile Átha Cliath:	Feachtas Rothaíochta Bhaile Átha Cliath
Luimneach:	Feachtas Rothaíochta Luimnigh
Trá Lí:	Feachtas Rothaíochta Thrá Lí
An Dún:	Feachtas Rothaíochta an Dúin

b.

Cearthaigh na samplaí a chuirfidh na foghlaimeoirí ar fáil, más gá.

Ceist 5

Cuir pé cabhair is gá ar fáil do na foghlaimeoirí chun na focail/frasaí a chur in abairtí.

Ceist 6

Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

¹ *ordú ceannachta éigeantach* a deirtear sa mhír, ach is é *ordú ceannaigh éigeantaigh* an leagan oifigiúil a mholtar ar www.tearma.ie

Eimear Ní Chonaola

Tá Feachtas Rothaíochta na Gaillimhe ag iarraidh ar an Aire Iompair, Paschal Donohoe, gan géilleadh d'éileamh ó Chumann na bhFeirmeoirí² an bealach glas rothaíochta as Béal Átha na Sluaighe go Gaillimh a chur le taobh sheanbhothar an N6. Deir an lucht feachtais gur cheart cúlboithre a aimsiú agus iad sin a cheangal le chéile le slí rothaíochta fhiúntach³ a chruthú.

Séamus Ó Scanláin

Is mór i gceist na bealaí glasa nó na slí rothaíochta anois in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Tá sé i gceist bealach glas a thógáil idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh mar chuid den bhealach idirnáisiúnta an EuroVelo 2. Tá gach rud ceart chomh fada le hÁth Luain ach is léir gurb é an píosa idir Béal Átha na Sluaighe agus cathair na Gaillimhe atá ag cothú aighnis. Is é an tÚdarás Náisiúnta Bóithre⁴ nó an NRA, go príomha, atá i mbun an togra agus faoina stiúir tá sé i gceist ordú ceannaigh éigeantaigh⁵ a chur i bhfeidhm ar fheirmeacha áirithe feadh an bhealaigh. Ní theastaíonn ó Chumann na bhFeirmeoirí nó an IFA, ní nach ionadh, go scoiltefeadh togra mar seo feirmeacha agus tá sé ag moladh an bealach glas a thógáil ar stráice an N6, an seanbhealach as Béal Átha na Sluaighe go Gaillimh. Deir an Feachtas Rothaíochta nach bhfuil sé ag iarraidh oic ná geanc a chur ar aon pháirtí i dtaca leis an togra seo i láthair na huaire. Deir sé go dtuigeann sé cás na bhfeirmeoirí agus nár chóir ordú ceannaigh éigeantaigh a chur i bhfeidhm ar aon bhealach an oiread agus ab fhéidir. Is cosán rothaíochta atá á thógáil, a deir an Feachtas Rothaíochta, agus ní mótarbhealach, agus tá an bealach a bhfuil an NRA ag tabhairt faoi seo i láthair na huaire iomlán amscáí agus achrannach. Ach deir an Feachtas Rothaíochta freisin nach bhfuil moladh Chumann na bhFeirmeoirí réadúil, go bhfuil i bhfad an iomarca tráchta ar an mbóthar seo do bhealach glas. Molann an Feachtas cúlboithre agus cúlbealaí a aimsiú feadh an achair agus iad sin a cheangal le chéile mar atá déanta go rathúil in áiteanna eile.

Mairéad Ní Chaoimh (Cumann Rothaíochta na Gaillimhe)

Féach ar an *greenway* thuas i gCathair na Mart, i gContae Mhaigh Eo. Is sampla maith é de *greenway* déanta an-mhaith⁶ agus cén fáth nach bhfuil an *greenway*...nach bhfuil an seans againne i gContae na Gaillimhe *greenway* mar sin a bheith againn.

Séamus Ó Scanláin

Tá an Feachtas ag iarraidh ar an Aire Turasóireachta gan an N6 a úsáid don togra agus deir nár bhfiú an t-airgead a chaitheamh ag dul sa bhealach eile a bheadh fiúntach?

² *Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann* an teideal oifigiúil

³ *slí rothaíochta fiúntach* a deirtear sa mhír

⁴ *An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta* an teideal oifigiúil

⁵ *ordú ceannachta éigeantach* a deirtear sa mhír, ach is é *ordú ceannaigh éigeantaigh* an leagan oifigiúil a mholtar ar www.tearma.ie

⁶ *ana-mhaith* a deirtear i gCanúint na Mumhan; *an-mhaith* an leagan caighdeánach